

# ELEATHANACH 381

Dé Luain, an 26 Aibreán, 2021



## Seaimpíní na hÉireann! 🏆🏅🏆

Is í Foireann Thráth na gCeist Choláiste Mhuire a bhuaigh Corn Mhícheál Mac Gréal an tseachtain seo caite.

Is iad Hollie Ní Chionnaith, Kayleigh Cúipéir, Cáit Ní Mhaoilmhiaigh, agus Tomás Ó Conaill an ceathrar a bhí ar an bhfoireann a bhuaigh an chéad áit i gCraobhchomórtas Thráth na gCeist *Feachtas*.

Is iad seaimpíní nua na hÉireann iad anois. Nuacht álainn don ghaelcholáiste iontach seo a chabhraíonn linn an Eleathanach a scríobh gach seachtain do pháistí na tíre!

Tá an craobhchomórtas le feiceáil ar YouTube ag an nasc: <https://www.youtube.com/watch?v=JpZnOd95obY>

## Lá an Domhain 2021 🌍🌈🌱

Bhí Lá an Domhain ar siúl ar an 22 Aibreán 2021. Is lá tábhachtach é. Is é 'Restore Our Earth' an téama a bhí ann i mbliana.

Is é an sprioc atá le Lá an Domhain grá a léiriú don domhan. Cuireadh tús le Lá an Domhain sa bhliain 1970. Is féidir leat rudaí beaga a dhéanamh chun grá a léiriú don domhan. Lean an rapamhrán seo!

<https://www.youtube.com/watch?v=359ibQ4ozz0>

'Diúltaigh, laghdaigh, athúsáid, athchruthaigh, athchúrsáil.' - tá na 5 fhocal sin an-tábhachtach

[https://kids.agrocycle-dev.iris.cat/resource\\_room/sessions](https://kids.agrocycle-dev.iris.cat/resource_room/sessions)

Cad a rinne tú ar Lá an Domhain chun an domhan a cheiliúradh?



Tá na daltaí scoile, Príomhoide Oisín Mac Eoin agus an tSiúr Mairéad sa tvuít seo!

## Eolas faoin gCoróinvíreas 🦠🧴🧻

Ón Luan seo chugainn, an 26 Aibreán, beidh áiseanna spóirt lasmuigh ag athoscailt (m.sh. páirceanna, cúrsaí gailf, cúirteanna leadóige, srl).

Ach beidh na háiseanna laistigh (mar shampla, seomraí athraithe, cithfholcadáin, seomraí cruinnithe) fós dúnta, seachas na leithris. Níor chóir go mbeadh aon duine ag imirt spóirt foirne ná ag traenáil.

Oslóidh Zú Bhaile Átha Cliath, Fota Wildlife Park agus feirmeacha peataí ar fud na tíre. Tá Zú Bhaile Átha Cliath ar bís chun cuairteoirí a fheiceáil arís!

